

# TEACHTAIREACHT I mBUIDÉAL

An raibh a fhios agat go mbíonn cuimhne, cumas réitithe fadhbanna, scileanna éisteachta agus cruthaitheacht níos fearr agat má tá tú dátheangach nó ilteangach? Is fíor gur chun tairbhe d'inchinne é teanga eile a fhoghlaim, ach ina theannta sin, dá mhéad teangacha a labhraímid is ea is fearr is féidir linn daoine agus cultúir éagsúla a thuiscint agus caidreamh a dhéanamh leo.

Is í an Ghaeilge teanga náisiúnta oifigiúil na hÉireann, cé go bhfoghlaimíonn mórchuid na ndaoine in Éirinn Béarla agus go bhfuil siad líofa ann. Seans go bhfuil daoine ann nach dtuigeann cé chomh fite fuaite agus atá an Ghaeilge inár saol laethúil. Sleamhnaíonn sé isteach inár mbéarlagair agus muid ag caint ar 'chraic' nó ag iarraidh 'cupán tae' ar dhuine. Is suntasach freisin tionchar na Gaeilge ar ár gcuid ceoil, scríbhneoireachta agus traidisiún.

Is í ár dteanga ár bhféiniúlacht, agus lenár gcultúr agus oidhreacht a chaomhnú, is tábhachtach dúinn freisin ár dteanga a chosaint – le go dtuigfimis cad atá i gceist dáiríre le bheith inár nÉireannach.



Scríobh litir chuig an gcéad ghlúin eile in Éirinn agus inis dóibh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go leanfaidís den Ghaeilge a fhoghlaim – fiú mura 'gá' dóibh déanamh amhlaidh.

Seol do theachtaireacht chugainn ar na meáin shóisialta nó i ríomhphost agus tá seans go gcuirfí san áireamh thú sa chéad eagrán eile dár n-iris ar líne do pháistí, Global Goal Getters. Is féidir leat do ríomhphost a sheoladh chuig [ourworld@realnation.ie](mailto:ourworld@realnation.ie)



# TEACHTAIREACHT I mBUIDÉAL

A large green rectangular area with horizontal white lines, intended for writing.

